

AG COINNEÁIL
DAOINE SÁBHÁILTE

Plean Póilíneachta 2019

AN GARDA SÍOCHÁNA

ÁR MBAILL FOIRNE - ÁR NACMHAINN IS FEARR

PÓILÍNEACTH
PHOBAIL

DAOINE Á
GCOSAINT

ÉIRE
SHÁBHÁILTE

ÁR SEIRBHÍS Á
BUNATHRÚ

AN BHUNCHLOCH - CEARTA AN DUINE

AG
COINNEÁIL
DAOINE
SÁBHÁILTE

MISEAN & STRAITÉIS 2019 - 2021

AN GARDA SÍOCHÁNA



Clár

Brollach	3
Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn	4
Eochairtháscairí Feidhmíochta.....	5
Cód Eitice	8
Póilíneacht Phobail	12
1) Daoine a Chosaint	13
2) Éire Slán.....	18
3) Bunús um Chearta an Duine	20
4) Ár nDaoine – an Acmhainn is fearr atá againn	21
5) Ár Seirbhís a Athrú ó Bhonn.....	24
Aguisín A Tosaíochtaí Póilíneachta	26

Brollach

Tá áthas orm mo chéad Phlean Póilíneachta a fhoilsiú mar Choimisinéir an Gharda Síochána, an chéad phlean de thrí cinn atá forbartha chun tacú leis an Ráiteas Straitéise 2019-2021. Is plean uailmhianach é seo ach táim tiomanta seirbhís a sheachadadh atá dírithe ar íospartaigh agus ar dhaoine a choimeád sábháilte, a chosnaíonn iad siúd is leochailí agus a sholáthraíonn ardchaighdeán seirbhíse i gcónaí.



Díríonn an plean seo ár n-aird ar ghníomhaíochtaí a fhóráíonn ár misean, ‘Daoine a choimeád Sábháilte’ ar an mbealach is fearr. Mar Chaomhnóirí na Síochána tá sé seo i gcroílár an tsainordú a tugadh dúinn agus beidh sé mar threoirphrionsabail dúinn ar a mbunóimid ár gcinntí feidhmiúcháin agus straitéise i rith na bliana.

Sna rannóga den phlean *Póilíneacht Phobail, Daoine a Chosaint* agus *Éire Slán*, leagtar amach conas a sheachadóimid seirbhísí póilíneachta agus slándála in 2019.

Sna rannóga *Ár Seirbhísí a Bhunathrú, Ár nDaoine – an Acmhainn is Fearr atá againn* agus *Fondúireacht Chearta an Duine* leagtar amach conas a n-oibróimid ag leibhéal forbartha eagraíochta chun a chinntiú go bhfuil na daoine cearta againn chun na seirbhísí is gá a sholáthar agus beidh an meas ar Chearta an Duine mar bhonn faoinár ngíomhaíochtaí ar fad.

Cuirfidh an plean feidhmiúcháin a eascraíonn as an gCoimisiún ar Thodchaí na Póilíneachta in Éirinn dúshlán fúinn in 2019 agus muid i mbun na dtionscnamh bunaidh a sheachadadh atá sa ‘*Seirbhís Phóilíneachta don Todchaí*. Táim tiomanta, áfach, chun a chinntiú go gcuireann An Garda Síochána an tseirbhís is fearr is féidir ar fáil agus gurb í áit oibre níos fearr í An Garda Síochána. Téann an plean póilíneachta seo i ngleic le Tosaíochtaí Póilíneachta 2019 mar aon lenár ngealltanais i leith an Rialtais.

Tá An Garda Síochána tiomanta dár ndualgais sa tseirbhís phoiblí maidir le dualgas dearfach faoi alt 42 d’Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Rachaimid i ngleic leis seo in 2019 trí thionscnaimh a bhaineann lenár straitéis éagsúlachta agus ionchuimsithe, lenár bpolasaí maidir le coireacht fuatha agus tríd ár n-acmhainneacht i leith cearta an duine a fhorbairt. Ina theannta sin, rachaimid i ngleic go hiomlán leis an gCoiste ar Cosc a chur ar an gCéasadh nuair a dhéanfaidh siad imscrúdú ar conas a caitheadh le daoine nuair a baineadh an tsaoirse díobh in Éirinn i mbliana.

Mar Choimisinéir, táim tiomanta an eagraíocht a thabhairt chun cuntais maidir lenár bhfeidhmíocht i leith an phlean seo. Beidh forbairt chultúir feidhmíochta láidir mar bhunús chun cinnte a dhéanamh de go dtarlóidh athrú eagraíochta leanúnach agus go gcuirtear ar fáil seirbhísí gairmiúla atá dírithe ar íospartaigh.

Drew Harris

Coimisinéir

Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn

Ní bhainfear amach an plean póilíneachta gan tréaniarracht ó gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána. Tá sé riachtanach freisin go mbeidh an eagraíocht ar an airdeall maidir leis an dul chun cinn atá ag tarlú trí chóras tuairiscithe a chuirfidh béim ar an méid atá á bhaint amach againn, na dúshláin atá romhainn agus na bearta ceartaitheacha atá á dtógáil againn, más gá. Tarlaíonn seo ag an leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus ag leibhéal rannáin tríd an bpróiseas PAF agus go náisiúnta ag cruinnithe den Fhoireann Ceannasaíochta Shinsearach.

Sannaíodh gach tionscnamh plean póilíneachta do Choimisinéir Cúnta nó do Stiúrthóir Feidhmiúcháin atá freagrach as feidhmiú agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn. Tá seo leagtha amach sa phlean. Tabharfaidh na bainisteoirí sinsearach seo tuairisc don Choimisinéir ar dhul chun cinn gach tionscnamh ar bhonn míosúil. Déanfaidh na bainisteoirí sinsearach monatóireacht ar fheidhmíocht náisiúnta maidir le spriocanna agus más cuí, rachaidh siad i dteagmháil le bainisteoirí áitiúla chun a chinntiú go gcuirtear na tionscnaimh i bhfeidhm go rathúil.

Úinéireacht ag leibhéal feidhmiúcháin

Déanfaidh an *Leas-Choimisinéir Póilíneachta agus Slándála* maoirseacht ar thionscadail atá faoi fhreagracht na mbainisteoirí a leanas:

- Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta
- Coimisinéir Cúnta Slándála agus Faisnéise
- Coimisinéir Cúnta um Rannpháirtíocht sa Phobal agus Shábháilteacht Phoiblí
- Coimisinéir Cúnta um Phóilíniú Bóithre agus Bainistiú Mórimeachtaí / Éigeandála
- Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach

Déanfaidh an *Príomhoifigeach Riaracháin* maoirseacht ar thionscadail atá faoi fhreagracht na mbainisteoirí a leanas:

- Coimisinéir Cúnta Rialachais agus Cuntasachta
- Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine
- Stiúrthóir Feidhmiúcháin Straitéise agus Bunathrú
- Stiúrthóir Feidhmiúcháin TCF
- Stiúrthóir Feidhmiúcháin um Thacaíocht Feidhmiúcháin agus Sheirbhísí Corparáideacha
- Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais agus Seirbhísí
- Stiúrthóir Feidhmiúcháin DLÍ
- Oifig um Chumarsáid Chorporáideach
- Príomhoifigeach Leighis (Sláinte Cheirde agus Folláine)

Tabharfar tuairisc i leith an dul chun cinn a dhéantar ar gach tionscnamh don Údarás Póilíneachta ar bhonn míosúil.

Ba chóir a áitiú nach bhfuil na tionscnaimh leagtha amach sa phlean seo ailínithe go hiomlán leis na Meastacháin Athbhreithnithe atá iniata ag Aguisín B. Cuireadh na Meastacháin Athbhreithnithe ar fáil roinnt míonna sular cuireadh an plean seo i gcrích. Ag an am sin, níorbh fhéidir measúnú iomlán a dhéanamh ar na riachtanais acmhainneachta a mbeadh gá leo chun moltaí an Choimisiúin ar Thodcháí na Póilíneachta a chur i bhfeidhm. Má tá neamhréireacht ann, is é an plean seo a léiríonn spriocanna An Gharda Síochána do 2019.

Tá an plean fréamhaithe i bpróiseas comhairliúcháin leathan le páirtithe leasmhara agus tá An Garda Síochána an-sásta aon aiseolas inmheánach a fháil ó pháirtithe leasmhara nó ón bpobal maidir leis an bplean agus conas mar atá sé á chur i bhfeidhm.

Is féidir aiseolas a chur ag am ar bith chuig an tAonad um Phleanáil Straitéise ag policingplan@garda.ie nó scríobh chuig: An Garda Síochána, Pleanáil Straitéiseach, Bloc B, Gáta Ashtown, Bóthar na hUaimhe, Baile Átha Cliath 15, D15 NP9Y.

Eochairtháscairí Feidhmíochta

Is é seo an chéad cheann de thrí phlean póilíneachta a chuirfidh Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2019 – 2021 i bhfeidhm. Trí thionscnaimh éagsúla, cuirfidh gach plan ar chumas an eagraíochta bogadh de réir a chéile i dtreo torthaí straitéiseacha a bhainfear amach go rathúil, agus dá bharr sin feicfear go bhfuil dul chun cinn ag tarlú. I rith tréimhse na straitéise, léireofar feidhmiúchán go bliantúil sna réimsí seo thíos trí feabhas leanúnach agus suntasach ó thaobh staitisticí de.

Bearta a bhaineann le dearcadh

Dearcadh an Phobail– Eochairtháscairí Feidhmíochta	
In 2019 Cuirfidh An Garda Síochána feabhas ar thorthaí na dtáscairí a leanas ó thaobh dearcadh de réir an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail	
• Méadaithe: Líon na bhfreagróirí a thuairiscíonn: Éistean AGS le daoine áitiúla agus iad ag cur in iúl cad is cúis imní dóibh	
• Méadaithe: Líon na bhfreagróirí a thuairiscíonn go bhfuil leibhéal muiníne measartha go hard acu in AGS	
• Méadaithe: Líon na bhfreagróirí a mheasann go gcaitheann AGS mar an gcéanna le gach duine beag beann ar cé hiad féin	
• Méadaithe: Líon na bhfreagróirí a mheasann go bhfuil bainistiú maith á dhéanamh ar an AGS	
• Méadaithe: Líon na bhfreagróirí nach gcuireann eagla roimh choireanna isteach ar a gcaighdeán saoil	
• Méadaithe: Líon na bhfreagróirí a bhfuil a fhios acu go bhfuil patrólú á dhéanamh ag AGS	
• Méadaithe: Líon na bhfreagróirí a mheasann go ndéileáileann AGS go héifeachtach le coireacht	
• Méadaithe: Líon na bhfreagróirí a mheasann go bhfuil AGS dírithe ar an bpobal	
• Méadaithe: Líon na bhfreagróirí a thuairiscíonn go bhfuil siad sásta le seirbhís áitiúil AGS	
• Méadaithe: Líon na níospartach atá sásta nó an-sásta leis an gcaoi a chuaigh AGS i ngleic lena gcás	
• Maolaithe: Líon na bhfreagróirí a mheasann go bhfuil an choirpeacht ina fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach go háitiúil	
• Maolaithe: Líon na bhfreagróirí a mheasann nach ndéileáileann AGS le cúrsaí a bhfuil tábhacht ag baint leo don phobal	

Spriocanna uimhriúla a bhaineann leis an gcoireacht agus a brath

Sábháilteacht an Phobail agus Éileamh	
Laghdóidh An Garda Síochána na réimsí seo trí thionscnaimh a chuireann cosc ar coireacht agus trí ghníomhaíochtaí póilíneachta réamhghníomhacha	
Coireanna in Aghaidh an Duine	Ráta in aghaidh gach 100,000 duine do na coireanna a leanas • Cionta dúnbhásaithe • Iarrachtaí nó bagairt ar dhúnmharú, ionsaithe, ciapadh agus cionta gaolta • Daoine a chur i mbaoil a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach/bás a bheith mar thoradh air

Coireanna ar Réadmhaoin	Ráta in aghaidh gach 100,000 duine do na coireanna a leanas • Robáil, sracaireacht agus fuadach • Buirléireacht agus cionta gaoilta • Gadaíocht agus cionta gaoilta • Damáiste coiriúil
Tiocfaidh méadú ar thuairisciú i leith cionta gnéasacha trí muinín inár seirbhís a threisiú	
Cionta Gnéasacha	• Líon na gCionta Gnéasacha a thuairiscítear

Cuntasacht Ciontóra

Méadóidh An Garda Síochána na réimsí seo trí phóilíneacht réamhghníomhach agus cur chuige feabhsaithe maidir le imscrúduithe

Coireanna in aghaidh an duine	Cionta in aghaidh an duine críochnaithe agus braite • Cionta dúnbhásaithe • Iarrachtaí nó bagairt ar dhúnmharú, ionsaithe, ciapadh agus cionta gaoilta • Daoine a chur i mbaol a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach/bás a bheith mar thoradh air
Coireanna ar Réadmhaoin	Coireanna ar réadmhaoin críochnaithe agus braite • Robáil, sracaireacht agus fuadach • Buirléireacht agus cionta gaoilta • Gadaíocht agus cionta gaoilta
Brath Drugaí	• Líon na gcionta Díol agus Soláthar críochnaithe agus braite
Cionta Gnéasacha	• % Cionta gnéasacha críochnaithe agus braite

Póilíneacht ar Bhóithre- Eochairtháscairí Feidhmíochta

Cuirfidh An Garda Síochána feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre trí na réimsí gníomhaíochta seo a mhéadú

Cionta braite a shábhálann beatha	• Cionta róluais • Cionta a bhaineann le tiomáint faoi thionchar an óil • Cionta a bhaineann le crios sábhála • Cionta a bhaineann le Fón Póca
Tástáil Anála MIT déanta	• Tástáil déanta ag seicphointí MAT/MIT
Beidh laghdú ann i líon na dtimpistí trí thionscnaimh oideachais agus póilíneachta bóithre réamhghníomhacha a chuirfidh An Garda Síochána ar fáil	
Sábháilteacht ar Bhóithre	• Básanna ar bhóithre • Gortuithe tromchúiseacha

--	--

Spriocranna maidir le Teagmháil le hÍospartaigh

Dul i nGleic le hÍospartaigh - Eochairtháscairí Feidhmíochta

In 2019 cuirfimid feabhas ar na seirbhísí d'íospartaigh atá againn trí theagmháil agus eolas breise a chur ar fáil, ón am a thuairiscítear teagmhas go dtí go gcríochnaíonn an t-imscrúdú.

Meadú ar mheántheagmháil taifeadta le híospartaigh le linn imscrúdaithe ar theagmhas	- Líon na n-iontrálacha teagmhála (seachas nuair nach bhfuil aon teagmháil ann) ar an scáileán Teagmháil le hÍospartach
	Líon na n-iontrálacha teagmhála 'pearsanta' (seachas nuair nach bhfuil aon teagmháil ann) laistigh de 7 lá ar an scáileán Teagmháil le hÍospartach nuair is íospartach aitheanta de dhrochíde sa teaghlach atá i gceist.*

Spriocanna maidir le Cáilíocht Sonraí

Data Quality Related Activity - Eochairtháscairí Feidhmíochta

In 2019 cuirfimid feabhas ar cháilíocht sonraí trí líon na dteagmhas a laghdú a bhfuil gá acu le breis eolais, athchatagóiriú nó aird maoirseachta

Cur le céatadán na dteagmhas a dhéantar athbhreithniú orthu in am	% de theagmhais leis an stádas Gníomhach nó Neamhghníomhach le Dáta Athbhreithnithe nuair nach bhfuil an dáta athbhreithnithe in easnamh nó nach bhfuil sé níos mó ná 7 lá thar am.
---	---

Cód Eitice

Ó bunaíodh in 1922 é, is ábhar mórtais dúinn ár luachanna a chur i gcroílár na seirbhíse póilíneachta phobail a chuirimid ar fáil. Leagann an Cód Eitice amach naoi gcaighdeán agus ngealltanas eiticiúla atá riachtanach chun na caighdeáin ar a bhfuilimid dírithe a bhaint amach mar sheirbhís póilíneachta ghairmiúil, ag cur le croíluachanna na heagraíochta. Rachaidh gach fostaí sa Gharda Síochána i mbun a chuid dualgas de réir an chóid seo agus na gealltanais a ghabhann leis.

Dualgas an dlí a Chaomhnú	Caomhnóidh mé an dlí agus beidh mé umhal dó, agus comhlíonfaidh mé mo fhreagrachtaí ar bhealach atá cothrom agus neamhchlaonta.
Macántacht agus Ionracas	Beidh mé macánta agus rachaidh mé i mbun mo chuid oibre le hionracas. Beidh me ar thóir na fírinne i gcónaí trí fhírcí a dheimhniú agus a thuairisciú go macánta agus go hoibeachtúil. Ní bhainfidh mé mí-úsáid as an gcumhacht ná as an gcéim atá agam agus beidh an misneach agam dul i gcoinne mí-úsáid de chuid mo chomhghleacaithe agus í a thuairisciú. Gníomhóidh mé ar son leas an phobail agus ní ligfidh mé go dtiocfaidh cúinsí chun cinn a d'fhéadfadh amhras a tharraingt orm féin nó ar An Garda Síochána. Dearbhóidh mé agus bainistóidh mé mar is cuí aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a d'fhéadfadh cur isteach ar mo chumas mo dhualgas a chomhlíonadh nó a d'fhéadfadh muinín an phobail sa Garda Síochána a lagú. San áireamh leis seo tá aon choimhlint a d'fhéadfadh eascairt as caidreamh gnó nó pearsanta taobh amuigh de mo chuid oibre sa Gharda Síochána.
Meas agus Comhionannas	Aithneoidh mé agus beidh meas agam ar dhínit agus ar chearta comhionannais gach duine. Caithfidh mé le daoine le cuirtéis agus le meas. Caithfidh me go cóir le daoine i gcónaí agus ní dhéanfaidh mé leithcheal go mícheart ar dhaoine. Rachaidh mé i gcoinne agus ceistóidh mé aon iompar nó teanga a léiríonn leithcheal nó dímheas, go háirithe i leith daoine atá leochaileach nó i leith grúpaí mionlaigh. Beidh mé tuisceanach maidir le leochaileacht daoine aonair, mar shampla, i leith aoise nó míchumais. Beidh me tuisceanach maidir le fadhbanna pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ag daoine agus iad i dteagmháil leis an nGarda Síochána. Léireoidh me tuiscint agus comhbhá chuí i leith daoine a bhfuil teagmháil agam leo. Nuair is féidir, cuirfidh mé riachtanais an duine aonair san áireamh. Tógfaidh mé céimeanna chun mo chaidreamh leis an bpobal a fheabhsú, go háirithe le daoine nó le grúpaí a d'fhéadfadh sé go raibh caidreamh dúshlánach nó teoranta acu roimhe sin leis na seirbhísí póilíneachta. Samplaí den leithcheal as cúiseanna mícheart • Aois • Míchumas • Stádas teaghlaigh • Inscne • Stádas pósta • Ballraíocht den Lucht Siúil • Reiligiún • Cine • Dath • Náisiúntacht • Bunús eitneach nó náisiúnta • Claonadh gnéis • Neamh-chomhfhoirmeacht gnéis • Tuairim Pholaitiúil • Stádas cónaithe

	Bunús Sóisialta
Údáras agus Freagracht	Gníomhóidh mé le féinsmacht, fiú má tá cúrsaí ar tinneall nó má táthar ag iarraidh fearg a chur orm. Glacfaidh mé freagracht as mo ghníomhaíochtaí agus as mo chuid easnamh féin, agus beidh mé cuntasach fúthu. Tacóidh mé le mo chomhghleacaithe chomh maith agus atá ar mo chumas agus iad i mbun a ndualgas agus a bhfreagrachtaí. Ní thabharfaidh mé teoracha ach amháin má mheasaim go réasúnta go bhfuil said dleathach agus leanfaidh mé teoracha dleathacha chomh maith agus is féidir liom.
Údáras agus Freagracht ar lean.....	Ceisteoidh mé teoracha ar dóigh liom go bhfuil siad mídhleathach nó i gcoinne na bprionsabal ata leagtha amach sa Chód seo. Tuigim go bhfuil gá údar iomlán a thabhairt le haon chinneadh gan treoir a leanúint. Déanfaidh mé cinnte de nach dtógaim aon substaint, cosúil le halcól nó drugaí a bheadh mar thoradh nach mbeinn ábalta dul ag obair. Tabharfaidh mé tuairisc do mhaoirseoir mura féidir liom dul ag obair as cúis ar bith. Bainfidh mé úsáid as aon fhaisnéis, traenáil, trealamh nó tacaíocht bainistíochta a thugtar dom chun mé féin a choimeád sábháilte agus suas chun dáta le mo ról agus mo fhreagrachtaí. Déanfaidh mé mo dhícheall chun cinnte a dhéanamh de go mbainfear úsáid éifeachtach agus éifeachtúil as airgead agus as acmhainní poiblí. Ní úsáidfídh mé na meáin shóisialta ná cumarsáid mhóibíleach ar bhealach a d'fhéadfaí a rá go bhfuil sé leithchealach nó neamhghairmiúil, nó go bhfuil bulaíocht i gceist nó go bhfuil leatrom á imirt ar dhaoine.
Cumhachtaí Póilíneachta	Beidh meas agam ar chearta gach duine, lena n-áirítear an ceart chun na beatha, chun sábháilteacht an duine agus chun sláine coirp; ar shaoirse tuairimíochta; ar shaoirse cruinnithe agus tionóil; ar phríobháideacht; agus ar shaoirse ó ghabháil nó choinneáil threallach. Nuair a bheidh gá cumhachtaí póilíneachta a úsáid chun aidhm a bhaint amach, déanfaidh mé cinnte de go ngníomhóidh mé de réir an dlí agus ar bhealach comhréireach. Gach uair a chinnim úsáid a bhaint as cumhachtaí póilíneachta nó gan iad a úsáid, beidh mé réidh le bheith cuntasach as mo ghníomhaíochtaí. Nuair is féidir, tabharfaidh mé míniú ar mo chinntí do na daoine aonair atá faoina réir. Más gá lámh láidir a úsáid in aghaidh duine, cinnteoidh mé, a luaithe is féidir, go bhfuil an duine sin sábháilte agus go bhfaighfidh sé/sí aon chúnamh a bhfuil gá leis.

Faisnéis agus Príobháideachtas	Aithneoidh mé agus beidh meas agam ar cheart gach duine i leith príobháideachais. Ní chuirfidh mé isteach ar an gceart sin ach amháin nuair a bheidh gá dleathach le haidhm dlisteanach a bhaint amach. Ní chuirfidh mé riamh faisnéis ná fianaise i bhfolach ná ní dhéanfaidh mé áibhéil faoi. Ní chumfaidh mé ach an oiread í agus ní chuirfidh mé isteach uirthi agus ní scoisfaidh mé í. Ní bhaileoidh mé ná ní choimeádfaidh mé faisnéis ná ní bhfaighfidh mé rochtain uirthi ach de réir an dlí agus prionsabal cosaint sonraí. Ní scaoilfidh mé faisnéis ná ní phróiseálfaidh mé ach an oiread í. Ní chuirfidh mé eolas a bhaineann leis na Gardaí in iúl do na meáin ná d'aon tríú páirtí.
Trédheacht agus Cumarsáid	Beidh cumarsáid agus comhoibriú oscailte agus éifeachtach agam le mo chomhghleacaithe, leis an bpobal agus le heagraíochtaí eile a oiread agus is féidir. Tabharfaidh mé eolas ar bhonn tráthúil atá fíor, fad is atá sé de réir an dlí agus nach gcuireann sé imscrúdú atá ar siúl i mbaol. Mar shamplaí de seo áirítear íospartaigh agus finnéithe a uasdhátú maidir le imscrúduithe. Comhlíonfaidh mé mo dhualgas eolas agus taifid a nochtadh, lena n-áirítear eolas do dhaoine atá cúisithe nó do Ombudsman an Gharda, de réir an dlí agus ar bhealach atá tráthúil, fíor agus trédhearcach. Déanfaidh mé cinnte de go gcuirfear íospartaigh na coireachta ar an eolas maidir lena gcearta a luaithé is féidir. Beidh mé cinnte go gcuirfidh mé eolas in iúl ar bhealach a leiríonn meas, agus tuiscint i leith na gcúinsí agus atá éasca le tuiscint. Coimeádfaidh mé taifid atá cruinn agus comhlánaithe go háirithe de hagallaimh agus de ghearáin. Beidh mé cinnte go mbeidh m'aitheantas Garda le feiceáil nuair a bhím ag obair, seachas dá mbeadh sé míchuí ag brath ar an saghas oibre atá ar siúl.
Labhairt amach agus Éagóir a thuairisciú	Ní dhéanfaidh mé neamhshuim riamh d'iompar chomhgleacaí atá neamhghairmiúil, neamheiticíúil, mídhleathach nó cam, beag beann ar ról, céim nó grád an duine sin. Cosnóidh mé ionracas an Gharda Síochána trí dul go dian i gcoinne iompar atá neamhghairmiúil, neamheiticíúil, mídhleathach nó cam. Más ceist thromcúiseach atá i gceist, tuairisceoidh mé a leithéid d'iompar, ceisteoidh mé é nó gníomhóidh mé ina leith. Tabharfaidh mé tacaíocht do chomhghleacaí ar bith a labhraíonn amach de réir an dlí agus an Chóid seo agus cuirfidh mé dúshlán faoi aon duine a imríonn leatrom ar aon duine eile toisc gur labhair said amach. Gealltanais bhreise bainisteoirí Tabharfaidh mé misneach dóibh siúd ar mhian leo labhairt amach agus éagóir a thuairiscíú ag gach leibhéal san eagraíocht. Déanfaidh mé machnamh ar chúrsaí a chuirtear os mo chomhair, cinnteoidh mé go ndéantar imscrúdú orthu más gá agus go ngíomhaítear go cuí ina leith. Beidh mé oscailte i leith cúrsaí a chuireann comhghleacaithe in iúl dom agus foghlaimeoidh mé ó aiseolas agus ó thuarascálacha maidir le héagóir.
Ceannaireacht	Cuirfidh mé le timpeallacht oibre atá dearfach agus sláintiúil. Coimeádfaidh mé agus cuirfidh mé chun cinn caighdeáin ghairmiúla agus caighdeáin an Chóid seo. Beidh sé mar aidhm agam mé féin a iompar ar bhealach a tharraingíonn dea-cháil ar an nGarda Síochána agus orm féin rud a chuirfidh le muinín an phobail sa phóilíneacht.

Beidh mé cuntasach faoi orduithe nó treoracha a thugaim do dhaoine eile agus go mbainfear amach iad, agus freagrach as iarmhairtí na dtreoracha sin.

Gealltanais bhreise bainisteoirí

Déanfaidh mé mo dhícheall cinntiú go gcomhlíonfaidh mo chomhghleacaithe a ndualgas ar bhealach a leanann an Cód.

Cinnteooidh mé go mbeidh tacaíocht éifeachtach ag mo chomhghleacaithe agus go mbeidh treoir acu agus iad i mbun a ndualgas.

Déanfaidh mé mo dhícheall, i mo ról, folláine mheabhrach agus fhisiciúil mo chomhghleacaithe a chosaint.

Déanfaidh mé machnamh ar chúrsaí a chuirtear os mo chomhair, cinnteoimid mé go ndéantar imscrúdú orthu más gá agus go ngíomhaítear go cuí ina leith.

Beidh mé oscailte i leith cúrsaí a chuireann comhghleacaithe in iúl dom agus foghlaimeoidh mé ó aiseolas agus ó thuarascálacha maidir le héagóir.

Póilíneacht Phobail

Aidhm Straitéiseach 2019 - 2021: Cur chuige nua don phóilíneacht phobail: go mbeidh comhaontú augs cumarsáid ina leith, go dtugfar acmhainní dó agus go gcuirfear i bhfeidhm é.

In 2019 comhaontóidh An Garda Síochana creat nua don phóilíneacht phobail. Cuirfimid in iúl don phobal é agus tosóimid ar é a chur i bhfeidhm. Tósófar leis an bhfeidhmiú i gceithre rannóg in 2019 agus déanfar níos mó de a sheachadadh in 2020 agus 2021.

Tionscnamh Ráiteas Straitéise 2019 - 2021	FREAGRACHT	BAINFEAR É SEO AMACH TRÍ	DÉANFAR RATH A THOMHAS TRÍ
1.1) Creat póilíneachta pobail a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm, agus measnúnú a dhéanamh air, trínar féidir cur chuige réitithe fadhbanna, sofheicthe, freagúil a sheachadadh maidir le seirbhísí a sholáthar	Coimisinéir Cúnta CEPS	Struchtúir a bhunú, mar atá leagtha síos sa chreat Póilíneacht Phobail, chun ár n-acmhainneacht a fheabhsú cur chuige bunaithe ar chomhpháirtíocht fhreagrúil a sholáthar sa phóilíneacht phobail.	Athbhreithniú a dhéanamh ar phóilíneacht phobail agus ar chomhpháirtíochtaí reatha (Ráithe2), cur chuige nua (R3) a fhorbairt don fheidhmiú (R4)*

Tionscnamh Ráiteas Straitéise 2019 - 2021	FREAGRACHT	BAINFEAR É SEO AMACH TRÍ	DÉANFAR RATH A THOMHAS TRÍ
1.2) Dul i ngleic le pobail agus páirtithe leasmhara, éisteacht leo agus iad ag cur a riachtanais in iúl maidir le póilíneacht agus comhoibriú i gcomhar leo chun déileáil leo	Coimisinéir Cúnta CEPS	Riachtanais pháirtithe leasmhara leochaileacha a aithint agus treochlár a bhunú a chinnteoidh go bhfuil rochtain ag cách ar ár seirbhísí	Straitéis ar Éagsúlacht & Ionchuimsiú athbhreithnithe a fhoilsiú (R2), le plan feidhmithe (R3) lena cur i bhfeidhm (R4)
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta	Tacú le straitéis chun dochar a laghdú mar atá leagtha amach sa Straitéis Drugaí Náisiúnta 2017 – 2025	An t-eolas is deireanaí a chur ar fáil go ráithiúil maidir le feidhmiú i leith spriocanna na Straitéise Drugaí Náisiúnta

1) Daoine a Chosaint

Aidhmeanna Straitéiseacha 2019 - 2021: Daoine a chosaint ón gcoiriúlacht agus iad a choimeád sábháilte ar ár mbóithre.

In 2019 tabharfaidh An Garda Síochána roinnt tionscnamh chun cinn a chabhróidh linn sa chaoi a fhreagraíonn ár bhfoireann don choireacht. I mbliana mar eochairfhobairt straitéiseach bunófar feidhm chomhordaithe agus tascála tiomnaithe i gceanncheathrú an Gharda. Cuirfidh an t-aonad seo lenár n-acmhainneacht ár bhfreagairt do choireanna a chomhordú agus a bhainistiú. Chun tacú lenár spriocanna straitéiseacha i leith póilíneachta bóithre, in 2019 díreoidimid ar eochairchionta a fhormeidhiú chun beatha a shábháil.

Tionscnamh Ráiteas Straitéise 2019 - 2021	FREAGRACHT	BAINFEAR É SEO AMACH TRÍ	DÉANFAR RATH A THOMHAS TRÍ
2.1) Cur lenár n-acmhainneacht an choiriúlacht a bhainistiú agus a chomhordú go héifeachtach, ag baint úsáide as ár sonraí chun cur le póilíneacht a fheidhmíonn le cuidiú faisnéise	Leas-Choimisinéir Póilíneachta agus Slándála	Múnla bainistíochta cosc na coireachta a chur i bhfeidhm chun freagairt chomhtháite a chinntiú maidir le bagairtí coireachta nua	Feidhm tiomnaithe tascála agus comhordaithe a bhunú, le tacú ó aonaid I ngach réigiún (R3)
	Stiúrthóir Feidhmiúcháin HRPD	Cur lenár n-acmhainneacht anailíse, tríd na córais is gá a sholáthar chun go mbeidh ár n-anailísithe ábalta tacú le póilíneacht a bhraitheann ar eolas ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta	Anailísithe a earcú chun tacú leis an bpóilíneacht ag leibhéal rannáin agus ag leibhéal náisiúnta (R4)
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta	Forbairt a dhéanamh ar ár n-acmhainneacht an cibearchoireacht agus coireanna a bhaineann le ríomhairí a aithint agus freagairt go héifeachtach dóibh	3 Aonad Cibearchoireachta Réigiúnach a bhunú (R4)
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta		Feidhm Faisnéise Coiriúla a bhunú (R3)

Tionscnamh Ráiteas Straitéise 2019 - 2021	FREAGRACHT	BAINFEAR É SEO AMACH TRÍ	DÉANFAR RATH A THOMHAS TRÍ
2.2) Coiriúlacht agus eagla roimhe a mhaolú trí ghníomhaíochtaí ilghníomhaireachta atreoraithe;	Coimisinéir Cúnta CEPS	Cur lenár n-acmhainneacht coiriúlacht a sheachaint trínár Straitéis um Chosc na Coireachta agus í a chur ar gCúl	Athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise um Choireacht a Chosc & a Chur ar gCúl (R3), le moltaí le haghaidh tuilleadh feidhmithe

comhairle a chur ar fáil maidir le coiriúlacht a sheachaint agus freagairt a thabhairt do bhagairtí atá ag teacht chun cinn	Coimisinéir Cúnta CEPS	Straitéis a chur i bhfeidhm chun líon na n-ionsaithe a laghdú	(Q3) a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm (Q4) Straitéis chun líon na n-ionsaithe a laghdú (tionscadal ilbhliana)
	Coimisinéir Cúnta Slándála & Faisnéise		Acmhainneacht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun líon na n-ionsaithe teaghlaigh a imdhealú ón líon d'ionsaithe ginearálta (R3)
	Coimisinéir Cúnta CEPS	Moltaí an Scrúdaithe um Dhaoine óga a Athreorú 2017 – 2019 a chur i bhfeidhm (Tionscadal ilbhliana)	Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Athreorú Leanaí a bhunú (R1) agus leanúint le moltaí an Scrúdaithe um Dhaoine Óga a Athreorú a chur i bhfeidhm
	Coimisinéir Cúnta CEPS		Go mbeidh cúrsa r-fhoghlaim ar Athreorú Leanaí críochnaithe ag 70% de bhaill oibríochta an Gharda (R4)
	Coimisinéir Cúnta CEPS	Struchtúir agus polasaithe a bhunú chun cur lenár n-acmhainneacht dul i mbun bainistíocht ciontóra éifeactach	Aonad Atitimeachas Ciontóra Náisiúnta a bhunú a bheidh maoirseacht aige ar J-ARC & SAOR (R4)

Tionscnamh Ráiteas Straitéise 2019 - 2021	FREAGRACHT	BAINFEAR É SEO AMACH TRÍ	DÉANFAR RATH A THOMHAS TRÍ
2.3) Aghaidh a thabhairt orthu siúd atá bainteach leis an gcoireacht eagraithe, comhoibriú le gníomhaireachtaí chun fáltais choireachta a bhaint ó choirpigh	Leas-Choimisinéir Póilíneachta agus Slándála	Uirlis measúnachta a fhorbairt chun spriocanna OCG a roghnú	Maitrís Measúnachta ar an mBagairt OCG a chríochnú (R3) agus tosú ar í a úsáid (R4)
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta	Díriú i gcónaí ar ghrúpaí sa choireacht eagraithe a dhéanann dochar do phobail áitiúla tríd an bhforéigean agus trí dhruaí a dhíol agus a sholáthar	Tuairisciú ráithúil ar cé chomh rathúil is atáimid ag díriú ar ghrúpaí sa choireacht eagraithe, mar aon le bagairtí nua atá ag teacht chun cinn agus dúshlán
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta	Cur lenár n-acmhainn coirpigh a aithint agus sócmhainní a thágthas orthu go mídhleathach a bhaint díobh	Feachtas feasachta a sheachadadh do Ghardaí i bpáirtíocht leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla (R2)
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta		Cur le feidhmiúlacht GoAML (teicneolaíocht fhrith-sciúradh airgid) trí úsáid a bhaint as bhogearraí 'Enterprise' (R4)
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí	Cur lenár n-acmhainn ár bhfreagairt a bhainistiú i	Aonad freagartha faoi airm 24/7 a chumasú I ngach Réigiún Garda (R4)

	Speisialta i gcoinne Coireachta	leith teagmhas arm tine criticiúla	
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta	Cur le hacmhainneacht gach roinn oibríochta imscrúdaithe casta a dhéanamh ar choireacht eacnamaíoch	Aonad Idirchaidrimh Rannáin GNECB a bhunú a chuirfidh cúnamh ar fáil do 28 Roinn maidir le gach coir eacnamaíoch a thuairiscítear (R4)

Tionscnamh Ráiteas Straitéise 2019 - 2021	FREAGRACHT	BAINFEAR É SEO AMACH TRÍ	DÉANFAR RATH A THOMHAS TRÍ
2.4) Feabhas a chur ar ár fhreagairt imscrúdaithe, ár n-acmhainneacht fhóiréinseach san áireamh, caighdeán a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh freagairt chuí do gach teagmhas coireachta	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta	TFC agus struchtúirí rialachais a úsáid chun torthaí imscrúdaithe níos fearr a chumasú	Córas Bainistíochta imscrúdaithe Céim 1 (R1) a chur i bhfeidhm agus tosú ar é a úsáid sa Réigiún Thoir Theas (R3)*
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta		Tosú ar shonraí bithmhéadracha a roinnt via PRUM le dhá stát nua (R3)
	Coimisinéir Cúnta Slándála & Faisnéise		Deireadh a chur le forbairt an chórais TF Schengen (ullmhacht theicniúil SIS a bhaint amach) (R4)*
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach (cur i bhfeidhm)	Cur chuige aonfhoirmeach a chur i bhfeidhm maidir le rialachas imscrúdaithe agus caighdeán imscrúdaithe chun rátaí braite a fheabhsú	Plean um fheabhas i rátaí braite a chomhcheangal le gach plean póilíneachta oibríochta (R2) agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht (Q4)
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta	Cinntí an Athbhreithnithe ar Dhúnbhású a chur i bhfeidhm	Plean a fhorbairt (R2) agus a chur chun cinn

Tionscnamh Ráiteas Straitéise 2019 - 2021	FREAGRACHT	BAINFEAR É SEO AMACH TRÍ	DÉANFAR RATH A THOMHAS TRÍ
2.5) Seirbhísí dírithe ar íospartaigh a sholáthar, líonra Aonad Seirbhísí Cosanta Rannáin a bhunú chun a chinntiú go dtabharfar tús áite don choireacht in aghaidh iad siúd is leochailí	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta	Tacú le cur i bhfeidhm na Dara Straitéise Náisiúnta um Chosc ar Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne 2016 – 2021 i gcomhar le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta	Bheith cinnte go bhfuil rochtain ag gach roinn ar Aonad Seirbhísí Cosanta (R4)*
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta		Treochtaí i rátaí braite i leith ionsaithe gnéasach a thuaraisciú, leis an aidhm an ráta sin a mhéadú 2% i rith 2019 (bunlíne 2018)

	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta		Críoch a chur le Prótacal Comhroinnte Faisnéise an Gharda Síochána/TUSLA (R1)*
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta		Athbhreithniú a dhéanamh ar Phrótacal Comhoibre an Gharda Síochána/TUSLA (R2)*
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta		Críoch a chur le huirlis chun riosca i leith drochíde teaghlaigh a mheas (R3) agus í a chur i bhfeidhm (R4)
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta	Forálacha an Achta um Íospartaigh a chur i bhfeidhm	Faisnéis ar íospartaigh a uasdhátú (R2), sraith ETF íospartach a fhorbairt roimh dheireadh R4 le haghaidh feidhmithe in 2020.
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta		Togra a fhorbairt chun líon na nglaoch gutháin a chuirtear ar íospartaigh coireachta i ndiaidh an imscrúdaithe a thomhas (R2) agus é a chur i bhfeidhm in R4
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta		Bunlíne a bhunú le haghaidh teagmhas a bhaineann le 'smacht comhéigheach' in 2019
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta		In 40% de chásanna déanfar teagmháil 'phearsanta' laistigh de 7 lá i ndiaidh teagmhas de dhrochíde teaghlaigh agus déanfar taifead de sa scáileán Teagmháil le hÍospartaigh (R4)
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach (cur i bhfeidhm)		Beidh méadú ó 7% go 85% i líon na measúnuithe íospartaigh iomlána a dhéantar laistigh de 3 lá ó tuairiscítear iad
	Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach (cur i bhfeidhm)		Beidh laghdú go 60 nó níos lú in aghaidh na míosa go náisiúnta i líon na dteagmhas maidir le daoine ar iarraidh a bhfuil athbhreithniú thar am ón Oifigeach Ceantair ag gabháil leo.
	Coimisinéir Cúnta CEPS	Ár n-acmhainneacht a fhorbairt maidir le coireacht fuatha a aithint, a thaifeadadh agus freagairt di	Ár bpolasaí agus ár nós imeachta i leith na Coireachta Fuatha a fhoilsiú (R3)

Tionscnamh Ráiteas Straitéise 2019 - 2021	FREAGRACHT	BAINFEAR É SEO AMACH TRÍ	DÉANFAR RATH A THOMHAS TRÍ
2.6) Cur le Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre, ag obair ar chúrsaí oideachais agus ag díriú ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe chun básanna agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú (sprioc nua)	Coimisinéir Cúnta RPMEM	Tacú le Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre trí fhorfheidhmiú dírithe	Méadú i ráta braite cionta a bhaineann le beatha a shábháil
	Coimisinéir Cúnta RPMEM		Plean Gníomhaíochta um Phóilíneacht Bhóithre a chur i bhfeidhm
	Coimisinéir Cúnta RPMEM	Moltaí na tuarascála Crowe Horwath a chur i bhfeidhm	Plean gníomhaíochta a chomhaontú (R1) agus tosú ar é a chur i bhfeidhm
	Coimisinéir Cúnta RPMEM		Méadú ar líon na mball bainteach le póilíneacht bhóithre ar aon dul le Gealltanais an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre (R4)
	Coimisinéir Cúnta RPMEM		Laghdú go níos lú ná 16 lá ón am a eisítear FMS de láimh go dtí an t-am a thaifeadaítear é
	Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach (cur i bhfeidhm)		

2) Éire Slán

Aidhm Straitéiseach 2019 - 2021: Slándáil an Stáit a chaomhnú

In 2019 cuirfidh An Garda Síochána roinnt tionscnamh chun cinn, dírithe ar ár n-acmhainneacht slándála a fheabhsú. Cuirfimid moltaí faoi leith chun cinn atá sa tuarascáil ‘Seirbhís Póilíneachta don Todchaí’ a bhaineann lenár n-acmhainneacht sa réimse seo.

Tionscnamh Ráiteas Straitéise 2019 - 2021	FREAGRACHT	BAINFEAR É SEO AMACH TRÍ	DÉANFAR RATH A THOMHAS TRÍ
